I

(Rúin, moltaí agus tuairimí)

MOLTAÍ

AN BANC CEANNAIS EORPACH

MOLADH ON mBANC CEANNAIS EORPACH

an 15 Feabhra 2023

do Chomhairle an Aontais Eorpaigh maider le hiniúchóirí seachtracha Bhanc Ceannais na hÉireann

(BCE/2023/1)

(2023/C 66/01)

TÁ COMHLAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CHEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 27.1 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déanann iniúchóirí seachtracha neamhspleácha atá molta ag Comhairle Rialaithe BCE agus a fhormheasann Comhairle an Aontais Eorpaigh iniúchadh ar chuntais an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) agus ar chuntais bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) In 2016, roghnaigh Banc Ceannais na hÉireann Mazars mar iniúchóirí seachtracha do na blianta airgeadais 2016 go 2020 ([1]). In 2021, cuireadh síneadh le sainordú Mazars mar iniúchóirí seachtracha do Bhanc Ceannais na hÉireann le haghaidh na mblianta airgeadais 2021 agus 2022 ([2]).

(3) Tháinig deireadh le sainordú iniúchóirí seachtracha reatha Bhanc Ceannais na hÉireann, Mazars, tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2022. Dá bhrí sin, is gá iniúchóirí seachtracha a cheapadh ón mbliain airgeadais 2023 ar aghaidh.

(4) Tá Grant Thornton Ireland roghnaithe ag Banc Ceannais na hÉireann mar iniúchóirí seachtracha do na blianta airgeadais 2023 go 2027, leis an rogha an sainordú a shíneadh go dtí na blianta airgeadais 2028 agus 2029,

([1]) Moladh BCE/2016/29 ón mBanc Ceannais Eorpach an 28 Deireadh Fómhair 2016 chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha ar Bhanc Ceannais na hÉireann (IO C 413, 10.11.2016, lch. 1).

([2]) Moladh BCE/2021/44 ón mBanc Ceannais Eorpach an 29 Meán Fómhair 2021 chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha ar Bhanc Ceannais na hÉireann (IO C 403, 6.10.2021, lch. 1).

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Moltar go gceapfaí Grant Thornton Ireland mar iniúchóirí seachtracha ar Bhanc Ceannais na hÉireann do na blianta airgeadais 2023 go 2027, agus an rogha ann an sainordú a shíneadh go dtí na blianta airgeadais 2028 agus 2029.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 15 Feabhra 2023.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE